



An Bhruiséal, 28 Iúil 2020
(OR. en)

Comhad Idirinstiúideach:
2020/0154(COD)

9964/20
ADD 2

EF 180
ECOFIN 683
CODEC 696

NÓTA CLÚDAIGH

ó: Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,
arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir

dáta a fuarthas: 27 Iúil 2020

chuig: Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais
Eorpaigh

Uimh. an doic. ón
gCoim.: SWD(2020) 143 final

Ábhar: DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN
MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le
haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a
bhaineann le tagarmharcanna malairte eachtraí áirithe de chuid tríú
tíortha a dhíolmhú agus tagarmharcanna athsholáthair a ainmniú le
haghaidh tagarmharcanna áirithe ar scor

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2020) 143 final.

Faoi iamh: SWD(2020) 143 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2020
SWD(2020) 143 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le tagarmharcanna malairte eachtraí áirithe de chuid tríú tíortha a dhíolmhú agus tagarmharcanna athsholáthair a ainmniú le haghaidh tagarmharcanna áirithe ar scor

{COM(2020) 337 final} - {SEC(2020) 284 final} - {SWD(2020) 142 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)

Measúnú tionchair ar athchóiriú Rialacháin an Aontais maidir le Tagarmharcanna (BMR)

A. An gá atá le beart

Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Ar an gcéad dul síos, scrúdaíonn IA na hiarmhairtí a bhaineann leis an easpa cumhachtaí rialála in BMR chun **aistriú rianúil ón tagarmharc criticiúil** (sa chás seo, Ráta London a Thairgtear Idir Baine nó “LIBOR”, a bhfuiltear ag súil lena scor roimh dheireadh 2021). Meastar gurb é 8-12 trilliún USD ar fud an domhain an luach atá le stoc na gconarthaí leagáide a thagróidh do LIBOR USD ar dháta a scortha (agus cuid mhór de ar chláir chomhardaithe banc sna Ballstáit uile). In éagmais ráta comharba ainmnithe, tá riosca ard ann go gcuirfead na conarthaí sin ó rath. **Ar an dara síos**, déanann IA measúnú ar iarmhairtí BMR d’imreoirí Eorpacha ag baint leasa as **spotrátaí airgeadra eachtraí** chun iad féin a chosaint (a fhálú) ó athruithe a d’fhéadfadh teacht ar rátaí malairte. Ós rud é go mbítear ag súil le nach gcomhlíonfaidh a lán spotrátaí riachtanais BMR chun go n-úsáidfí san Aontas iad, ní dhéanfaidh bainc Eorpacha conarthaí fálaithe atá nasctha leo a thairiscint d’onnmhaoireoirí agus d’infheisteoirí Eorpacha.

Cad é ba cheart a bhaint amach?

Tá sé d’aidhm ag an tionscnamh an méid seo a leanas a thabhairt isteach: (i) cumhachtaí reachtacha nua BMR a chuirfidh ar chumas rialaitheoirí tagarmharcanna ráta athsholáthair a bhfuil teorainn ama leis a shainordú chun go mbainfí leas as **tagarmharc criticiúil** atá á scor, cosúil le LIBOR, i gconarthaí atá ann cheana; (ii) díolúine spriocdhírithé ó BMR do **spotrátaí airgeadra** áirithe.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

Tá conarthaí ag bainc sna Ballstáit uile a thagraíonn do **thagarmharcanna criticiúla** ar a gcláir chomhardaithe. Chuirfeadh gníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát ceangal ar rialaitheoirí náisiúnta teacht ar chomhaontú maidir le haon ráta athsholáthair aonfhoirmeacha amháin. Níor leor gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta chun úsáid leanúnach na **spotrátaí airgeadra eachtraí** a áirithiú mar go bhfuil rátaí mar iad cumhdaithe ag rialachán a glacadh ar leibhéal an Aontais (BMR).

B. Réitigh

Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?

Is é an rogha thosaíochta do **thagarmharcanna criticiúla** riarthóir don ráta atá á scor a shainordú nuair a fhoilseofar ráta athsholáthair a bhfuil teorainn ama leis do na tagairtí uile i gconarthaí a aibíonn tar éis an dáta scortha. Rogha eile is ea go bhfágfaí ceapadh an ráta athsholáthair faoin margadh agus go bhforálfá d’údarúchán simplithe do ráta dá leithéid. An tríú rogha is ea go dtabharfaí díolúine ó chomhlíontacht BMR d’aon ráta a ceapadh go príobháideach go ceann tréimhse teoranta. An ceathrú rogha is ea go sainordófaí ráta athsholáthair buan a d’fhéadfaí a úsáid do chonarthaí nua agus do chonarthaí atá ann cheana. Is é an rogha thosaíochta chun go gceadófaí úsáid leanúnach **spotrátaí airgeadra** díolúine ó BMR a thabhairt do rátaí beartas poiblí áirithe arna ainmniú ag an Coimisiún. Rogha eile is ea é go dtabharfaí don Choimisiún an chumhacht le rátaí “criticiúla” tríú tír a ainmniú (faoi réir rialacha BMR). Tá dhá rogha eile a d’údaródh conarthaí díorthach a thagraíonn do rátaí a tugadh isteach ar mhaithe le fálú ar riosca airgeadra, nó a thabharfadh díolúine ó BMR dóibh.

Cad iad na bearta is rogha leis na páirtithe leasmhara? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Tá eagla ar **bhainc Eorpacha**, in éagmais ráta comharba aonair **tagarmhairc chriticiúil** a bhfuil deireadh a chur leis de réir a chéile, go scoirfeadh contrapháirtithe conartha d'íocaíochtaí a dhéanamh, e.g., ar a gcuid iasachtaí (díráthú conartha). Is é an eagla atá ar na bainc, sa chás is measa, go ndéanfaidh contrapháirtithe na conarthaí a fhoirceannadh. Tá leisce ar **riarthóirí tagarmharcanna** ráta comharba tagarmhairc chriticiúil, a bhfuil deireadh á chur leis de réir a chéile, a fhoilsiú as a dtoil féin. Tá eagla orthu go bhféadfadh an t-aistriú chuig ráta comharba a bheith ina ábhar dlíthíochta gan sainordú rialála. Léirigh **úsáideoirí Eorpacha** rátaí airgeadra go dtacaíonn siad le díolúine **spotrátaí airgeadra** ó laistigh de raon feidhme BMR. Bheidís i bhfách freisin le cur chuige ainmniúcháin.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Is é an rogha tosaíochta a thugann an scór is fearr maidir le leanúnachas conartha agus díráthú conartha a sheachaint nó foirceannadh luath. Cuirtear an ráta “leagáide” a bhfuil teorainn ama leis in ionad an ráta LIBOR scortha láithreach. Ní chuirfí gach rogha eile go huathoibríoch in ionad gach tagairt chonartha do LIBOR. Ar an gcaoi chéanna, is é an rogha tosaíochta don **spotráta airgeadra** a thugann an scór is fearr i dtéarmaí a bheith in ann leanúint de bheith ag fálú neamhchosaint corparáidí ó ráta malairte agus i dtéarmaí éifeachtúlachta agus comhleanúnachais an chórais rialála.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Tá an rogha tosaíochta do **thagarmharcanna criticiúil** cost-éifeachtach toisc go ndéanann an t-údarás inniúil an ráta comharba a shainordú trí thagairt do ráta a coimeáladh bunaithe ar ráta saor ó riosca a d'fhoilsigh Banc Cúlchiste Feidearálach na Stát Aontaithe. Meastar go mbeidh an táille ceadúnais a bhaineann le ráta leagáide dá leithéid íseal. I gcás **spotrátaí airgeadra** freisin, ní eascródh costais d'eintitis Eorpacha ón ráta díolúine beartas ginearálta a roghnaítear, toisc nár ghá dóibh cur isteach ar aon údarúchán ná díolúine *ad hoc* a lorg.

Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?

Tá ról ríthábhachtach ag LIBOR i maoiniú FBManna. Éiginnteacht dhlíthiúil a bheadh mar thoradh ar scor LIBOR gan ráta comharba iomchuí a bheith ann. Ar an gcuma chéanna, bíonn FBManna i mbun gnó i dtríú tíortha agus is gá dóibh leanúint d'fhálú a ngnó le contrapháirtithe Eorpacha. Dhéanfaidh neamhghníomhaíocht dochar mór do ghnólachtaí ar FBManna iad, go háirithe agus géarchéim COVID-19 á gcur i mbaol.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Ní bheidh aon tionchar ann. Ní bheidh an oiread céanna acmhainní ag teastáil le maoirseacht a dhéanamh ar na rátaí leagáide ná ar na rátaí beartais nach den Aontas iad

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Thabharfaidh na hathruithe seo aghaidh ar an scor a d'fhéadfaí a dhéanamh de thagarmharcanna criticiúla sa todhchaí (e.g. EURIBOR).

Comhréireacht?

Is é an idirghabháil atá beartaithe an t-íosmhéid is gá chun láidreacht conartha a áirithiú tar éis scor LIBOR agus úsáid spotrátaí airgeadra. Bheadh gach rogha eile níos casta.

D. Iarobair**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Foilseofar an ráta leagáide ar feadh cúig bliana. Tar éis na tréimhse sin, déanfaidh an rialtóir a mheas ar laghdáíodh stoc na gconarthaí leagáide sa mhéid is gur féidir an ráta a scor. Déanfar athbhreithniú ar an díolúine gach cúig bliana, faoi mar a cheanglaítear le BMR. Déanfar a mheas an mbeidh conarthaí díorthach atá lonnaithe san Aontas oiriúnach mar uirlisí fáilaithe le haghaidh neamhchosaintí rátaí malairte ghnólachtaí an Aontais.